Meán Fomhair 2020

Nuachtlitir Scoil Chualann

www.scoilchualann.ie

A Phobal Scoil Chualann,

Fáilte romhaibh don chéad eagrán Nuachtlitir Scoil Chualann

Iníon Uí Chréan-Loinsigh

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le hIníon Uí Chréan-Loinsigh agus í ag dul amach ar scor go luath.

Le 35 bliain anuas chothaigh sí an cultúr, an traidisiún agus an léann go smior i Scoil Chualann. I measc an traidisiúin sin bhí an pheil ghaelach agus an iománaíocht dar ndóigh. Chothaigh sí ceangail láidir idir Scoil Chualann agus Cumann Emmet Bhré. Anuas ar sin, léirigh Iníon Uí Chréan-Loinsigh grá ar leith don cheol Gaelach agus roinn sí an grá seo go flaithiúil leis na daltaí.

Rinne Iníon Uí Chréan-Loinsigh cúram de fhorbairt spioradálta na ndaltaí i gcónaí. Is iomaí rang a réitigh sí do na sacraimintí agus bhíodh lámh bheo aici sa cheol uirlise do na hócáidí seo i gcónaí. Is iontach an méid tacaíochta agus misnigh a thug sí dá comhleacaithe ina ról mar mhúinteoir tacaíochta.

Le naoi mbliana anuas bhí Iníon Uí Chréan-Loinsigh mar phríomhoide tánaisteach againn. Bhí sí díograiseach, dílis, fuinniúil agus tuisceanach agus í i mbun cinnireachta.

Níl dabht ar bith ann ach go mbraithfidh idir fhoireann agus daltaí na scoile go mór uatha í.

Guímid saol fad sona agus sláinte uirthi.

Scoil Chualann

Bláthanna

A Nóirín,

Go raibh míle maith agat a Nóirín as na bláthanna a dhíol tú ar son na scoile le linn an paindéime. Táimid ar fad an-bhuíoch don tacaíocht a thugann tú don scoil agus fíor-bhuíoch chomh maith as an airgead atá bailithe agat don charthanacht agus don scoil. Is féidir linn infheistiú anois a dhéanamh ar áiseanna don scoil.

Míle buíochas arís,

Pobal Scoil Chualann

Iníon Uí Chréan-Loinsigh

We would like to sincerely thank Iníon Uí Chréan-Loinsigh as she is due to retire shortly.
Over the last 35 years she has fostered culture, tradition and education in Scoil Chualann. This tradition included Gaelic football and hurling of course. She maintained strong ties between Scoil Chualann and the Emmet Bray Society. In addition, Iníon Uí Chréan-Loinsigh produced a unique love for Irish music and generously shared this love with the pupils.
Iníon Uí Chréan-Loinsigh always took care of the spiritual development of the pupils. She has prepared many classes for sacraments and always had a living hand in instrumental music for these ceremonies. She has given her support and courage in her role as a support teacher.
For the past nine years she has been deputy principal. She was enthusiastic, loyal, energetic and understanding in her leadership.
There is no doubt that both the school's staff and pupils will greatly miss Iníon Uí Chréan-Loinsigh.
We pray she enjoys a happy and healthy life.

Iníon Bairéad

Tá Iníon Bairéad ag fágáil na scoile agus í nach mór fiche bliain anseo linn i Scoil Chualann. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil léi as na blianta áille a chaith sí i Scoil Chualann agus í ag imeacht. Aireoidh sí uainn ar fad, ó na múinteoirí agus ó na páistí a bhí faoina cúram thar na blianta. Go n-éirí go geal léi as seo amach.

Iníon Déiseach

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hIníon Déiseach agus í ag imeacht ón scoil freisin. Bhí sí mar chuid thábhachtach anseo i Scoil Chualann thart ar fiche bliain sa scoil, go háirithe ó thaobh an cheoil de. Bhí sí mar stiúrthóir cóir againn ó thosaigh sí agus rinne sí an t-uafás oibre le Cór na nÓg. Fairis sin, bhunaigh sí coiste glas sa scoil agus dá bharr bhí trí bhrat glas bainte amach againn le linn a tréimhse. Aireoidh sí ó phobal na scoile. Guímid gach rath uirthi.

Cóineartú Rang 6

Bhí ceiliúradh Seirbhís an tSolais agus an Cóineartú ar siúl Aoine 21ú Lúnasa. Is é an tAthar Dónal a chuir i láthair é. Bhí lá álainn ann. Bhí searmanais pearsanta agus speisialta ann do Rang 6.

Ba mhaith leis an scoil buíochas a ghabháil le Martina a chuir na leabhráin agus teastais le chéile. Rinne sí eagair ar an lá agus bhí an lá go hiontach.

Go raibh maith agat,

Rang 6, Tuismitheoirí, Foireann Scoil Chualann